

Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an GBE

www.ejn-crimjust.europa.eu

Tá suíomh gréasáin an GBE ina ionad ifhrestail le haghaidh faisnéise i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla. Cuirtear sraith fhairsing acmhainní ar fáil do chleachtóirí air, freisin, lena n-áirítear:

- ▶ **Atlas**
chun teacht ar údarás inniúil chun iarraidh a sheoladh chuige;
- ▶ **Coimre**
chun iarraidh a dhréachtú ar líne;
- ▶ **Fiches Belges**
chun teacht ar fhaisnéis bhunúsach dhlíthiúil agus phraiticiúil maidir le bearta nós imeachta agus imscrúdaitheacha i ngach Ballstát den AE;
- ▶ **Leabharlann Bhreithiúnach**
chun teacht ar fhaisnéis chuimsitheach maidir le hionstraimí dlí den AE agus idirnáisiúnta.



Rúnaíocht an GBE

Johan de Wittlaan 9
2517 JR An Háig · An Ísiltír
Facs: +31 (0) 70 412 5570
Ríomhphost: ejn@eurojust.europa.eu

GA

GBE

An Gréasán
Breithiúnach Eorpach

Lucht Ceartais á gCur
i gCeangal lena Chéile



www.ejn-crimjust.europa.eu

Cad tá sa GBE?

Is éard atá sa GBE gréasán de phointí teagmhála náisiúnta – ionchúisitheoirí, breithiúna, ionadaithe ó aireachtaí ceartais, agus údaráis forfheidhmithe dlí – arb é a bpríomhchúram comhar breithiúnach idirnáisiúnta in ábhair choiriúla a éascú.

Agus iad ag feidhmiú ó bhí an bhliain 1998 ann, aithnítear Pointí Teagmhála an GBE mar mhol ríachtanach chun comhar breithiúnach a chumasú ina dtíortha faoi seach, óir tá breis agus 90 000 cás taifeadta le linn na tréimhse idir 2010 agus 2020. Áiríthíonn Rúnaíocht an GBE riar, feidhmiú agus leanúnachas an GBE.



Iarr ar an GBE cabhrú leat:

- teagmhálaithe díreacha a shainaithint agus a bhunú leis an údarás áitiúil inniúil i mBallstát eile chun iarraidh a sheoladh chucu;
- teacht ar shonraí teagmhála údarás ar fud an AE agus ar fud an domhain;
- dul i dteagmháil le do mhacasamhla eachtracha i gcomhair comhairle dlí ar an gcur chuige ceart i leith comhar breithiúnach in ábhair choiriúla;
- faisnéis dhlíthiúil agus phraiticiúil a fháil maidir le comhar breithiúnach;
- staidéar a dhéanamh ar an bhfaisnéis is cuimsithí maidir le hionstraimí dlí an AE i leith comhar breithiúnach, lena n-áirítear cásdlí.

An GBE agus comhar a éascú

- Déanann Pointí Teagmhála an GBE teagmhálaithe díreacha a shainaithint agus a bhunú idir údaráis ar fud an AE agus cuireann siad faisnéis dhlíthiúil agus phraiticiúil ar fáil maidir le comhar breithiúnach.
- Cuireann an GBE ar cumas cleachtóirí teagmháil a dhéanamh lena macasamhla ar fud an domhain.
- Déanann an GBE cúram de naisc shlána theileachumarsáide chun tacú le hobair oibríochtúil na bPointí Teagmhála.
- Tá an GBE ina fhóram chun plé a dhéanamh ar na fadhbanna praiticiúla agus dlíthiúla a thagann chun cinn i gcomhthéacs comhair bhreithiúnaigh:
 - *chun cur i bhfeidhm praiticiúil ionstraimí dlí a fheabhsú*
 - *chun comh-iontaoibh a chothú idir Bhallstáit*
 - *chun tuairim cleachtóirí a tharchur chuig institiúidí freagracha an AE.*

An GBE agus líonrú saineolaithe

- tionólan an GBE cúig chruinniú sa bhliain ar leibhéal an AE, ag cur ar chumas cleachtóirí aithne a chur ar a chéile, caidreamh gairmiúil a bhunú agus déileáil le hiarrataí ar chomhar breithiúnach ar an láthair.
- éascaíonn an GBE cineálacha comhchoiteanna cuir chuige i leith comhar breithiúnach idir ionadaithe córas difriúil dlí.
- soláthraíonn an GBE tacaíocht airgeadais agus eagraíochtúil i leith cruinnithe réigiúnacha agus náisiúnta den GBE.

An GBE agus eolas a leathnú

- eagraíonn an GBE:
 - *seisiúin oiliúna ar theangacha, lena n-áirítear ceisteanna substainteacha comhair bhreithiúnaigh*
 - *ceardlanna do chleachtóirí ar chur i bhfeidhm praiticiúil ionstraimí dlí.*
- cuireann an GBE rochtain phoiblí ar fáil ar chatalóg uileghabhálach d'ionstraimí dlí den AE, de chásdlí ábhartha agus d'fhaisnéis tacaíochta.